

Iarratas ar Cheadúnas Máil

IS CION É TRÁDÁIL GAN CEADÚNAS MÁIL. NÍ MÓR DUIT FANACHT GO DTÍ GO nEISEOFAR AN CEADÚNAS SULA dTOSÓIDH TÚ AG TRÁDÁIL.

Féach ar na nótaí lastall roimh an iarratas seo a chomhlánú

Comhlánaigh in BLOCLITREACHA

NÁ CUIR aon íocaíocht isteach i dteannta an iarratais seo



Sonraí maidir leis an gCeadúnas / gCead

Ainm an Cheadúnaí: _____

Cuir isteach ainm an Cheadúnaí. (*Beidh na sonraí seo le feiceáil ar an gCeadúnas*)

Cineál ceadúnais: _____

Cuir isteach an Cineál Ceadúnais a bhfuil tú ag déanamh iarratais air. (*Féach liosta na gcineálacha éagsúla ceadúnas lastall*)

Uimhir Tagartha

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

An Cineál

Cánach:

Cánach:

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

Cuir isteach Uimhir Tagartha Cánach an Cheadúnaí thuasluaite agus an cineál cánach lena mbaineann sí, CBL, mar shampla.

Sonraí Gnó: _____

Déan cur síos, chomh mionsonraithe agus is féidir, ar an ngnó / na gnóthaí a dhéantar ag an áitreabh seo, mar shampla, Siopa Miondíola agus / nó Bialann agus / nó Teach Tábhairne, srl.

Ainmní: _____

Cuir isteach ainm Ainmní, más cuí, ainm stiúrtóra de chuid na cuideachta nó ainm comhpháirtí tosaíochta, mar shampla.

Ainm an Ghnó: _____

Cuir isteach Ainm Gnó an áitribh, is é sin an t-ainm atá os cionn dhoras an áitribh.

Seoladh an Áitribh: _____

Cuir isteach seoladh an áitribh le ceadúnú.

Eircode Áitribh:

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

Cén uair a thosaigh an trádáil?

LL/MM/BBBB

An raibh an t-áitreabh seo ceadúnaithe roimhe seo?

Bhí

Ní raibh

Má bhí, tabhair sonraí faoin úinéir roimhe / uimhir thagartha an cheadúnais:

Sonraigh aon ghaol leis an úinéir roimhe, má tá gaol ann:

Ainm & Seoladh Poist:

Cuir isteach Seoladh Poist más rud é gur chóir comhfhreagras a sheoladh chuig seoladh eile nach seoladh an Áitribh Cheadúnaithe é.

--

Dearbhú

Dearbhaím gurb ionann an duine / na daoine / an t-eintiteas thuasluaite agus an duine / na daoine / an t-eintiteas atá ag trádáil faoi láthair agus déanaim iarratas leis seo ar an gceadúnas arna lua thuas.

Síniú

sínigh agus priontáil

Dáta

Staid

Stiúrtóir, Rúnaí, srl.

Uimhir Fóin

NÓTAÍ

Féadann tú an fhoirm seo a úsáid chun iarratas a dhéanamh ar na cineálacha éagsúla ceadúnas seo a leanas:

1. Déileálaí Mórdhíola agus Miondíoltóir Biotáillí, Fíon nó Deochanna Meisciúla Milsithe (**Sonraigh**, mar shampla, Déileálaí Mórdhíola Fíona).
2. Driogaire Biotáillí, Coigeartóir nó Cumascóir Biotáillí, Grúdaire Beorach le Díol, Déantúsóir Deochanna Meisciúla Milsithe le Díol, Déantúsóir Ceirtlise nó Leann Piorraí le Díol.
3. Rásraon Con.
4. Miondíoltóir Biotáille Meitilí.
5. Caithfear an t-iarratas ar Ar-Cheadúnas Miondíoltóra Fíona a chur isteach i dteannta na Foirme Foréilimh do Mhiondíoltóir Fíona (Wineap), comhlánaithe i dtriarach. Cuirtear na Cúirteanna agus an Garda Síochána ar an eolas faoi agus tugtar 30 lá dóibh siúd chun aon agóid a chur isteach i gcoinne eisiúint an Cheadúnais.

Ní mór bunchóip de theastas cúirte a bheith i dteannta na n-iarratas seo a leanas:

6. Eisceadúnas Miondíoltóra (Beoir agus / nó Fíon agus / nó Biotáillí)
7. Déileálaí Mórdhíola sa Bheoir
8. Ceadúnas Tábhairneora Nua nó aistriú Ceadúnais Tábhairneora
9. Ceadúnas Speisialta Bialainne Nua
10. I gcás iarratais ar Cheadúnais Amharclainne, ní mór go gcuirfí san áireamh Ceadúnas le haghaidh Ceol agus Canadh Poiblí eisithe ag an gcúirt chomh maith le clár oifigiúil imeachtaí do thréimhse 3-6 mhí
11. Ar-theadúnais agus Eisceadúnais Miondíola Táirgeora

I gcás trádálaí aonair, ní mór don Cheadúnaí an t-iarratas a **shíniú**, i gcás Comhpháirtíochta, ní mór do dhuine de na Comhpháirtithe é a shíniú, nó i gcás Cuideachta lonchorpraithe, ní mór do Rúnaí na Cuideachta nó duine de Stiúrthóirí na Cuideachta é a shíniú.

Má cheadaítear an t-iarratas seo, eiseoidh na Coimisinéirí loncaim Fógra Iarratais duit ionas go bhféadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar an gCeadúnas féin agus beidh ort a dhearbhu go bhfuil na doiciméid seo a leanas i do sheilbh ag an tráth sin:

1. Tá imréiteach cánach bailí ag teastáil nuair is duine aonair an t-iarratasóir. Teastóidh imréiteach cánach bailí don chuideachta i gcás iarratas corparáideach. Deimhneoidh córais uathoibríoch na gCoimisinéirí loncaim go bhfuil imréiteach cánach reatha i bhfeidhm sula n-eiseofar ceadúnas.
2. Más Comhlacht Teoranta é an t-iarratasóir, beidh Deimhniú Dúblach um Chorprú dar dáta tráth nach luaithe ná 4 seachtaine roimh dháta an iarratais, ag teastáil chun an ceadúnas a thógáil. Tá Deimhnithe lonchorpraithe dúblacha ar fáil ag: www.cro.ie, ÍosGhlao 0818 452 000 nó 01 804 5200.
3. Má tá an t-iarratasóir ag trádáil ag úsáid ainm nach mbaineann le húnéir tairbheach an ghnóthais, beidh Deimhniú Cláraithe Ainm Gnó ag teastáil chun glacadh leis an Deimhniú. Tá Deimhnithe Cláraithe Ainm Gnó dúblacha ar fáil ag: www.cro.ie, ÍosGhlao 0818 452 000 nó 01 804 5200.

Tar éis duit d'Fhógra Iarratais a fháil ón Oifig Náisiúnta Ceadúnais Máil, féadtar iarratas a dhéanamh ar do Cheadúnas ar aon cheann de na bealaí thíos:

Seirbhís ar Líne na gCoimisinéirí loncaim (ROS): Féadtar iarratas a dhéanamh ar do Cheadúnas Máil ar líne le ROS. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí loncaim ar www.revenue.ie nó glaoch a chur ar an **Líne Chabhrach ROS: 01 738 3699**

NÓ

Tríd an duillín pá atá ag bun an Fhógra Iarratais a chomhlánú: Ba chóir an íocaíocht a dhéanamh trí sheic / dhréacht bainc iníoctha leis an Ard-Bhailitheoir a sheoladh isteach sa chlúdach litreach réamhíoctha iniata.

NÁ CUIR aon airgead tirim iniata leis.

Is mar threoir amháin a thugtar an t-eolas sa doiciméad seo agus ní comhairle ghairmiúil í, ná comhairle dlí. Níor chóir glacadh leis go bhfuil an treoir cuimsitheach ná go dtugtar freagra críochnaitheach ann ar gach cás.

Baillíonn na Coimisinéirí loncaim cánacha agus dleachtanna agus cuireann siad rialuithe custam i bhfeidhm. Iarrann na Coimisinéirí loncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a sholáthar chun na gcríocha seo agus chun roinnt feidhmeanna eile reachtúla a chomhlíonadh, faoi mar a shannann an tOireachtas. Féadtar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus gníomhaireachtaí eile Rialtais faoi chúinsí áirithe sa chás go bhforáiltear seo sa dlí. Tá sonraí iomlána faoi bheartas um chosaint sonraí na gCoimisinéirí loncaim ina leagtar amach an gcaoi a n-úsáidimid do shonraí pearsanta chomh maith le eolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach **Priobháideachtas** ar www.revenue.ie. Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcruachóip chomh maith, ach é sin a iarraidh.

An Oifig Náisiúnta Ceadúnais Máil
Oifig na gCoimisinéirí loncaim
Stiúrthóir Sráid Áine
Loch Garman
Y35 E29K

Déan teagmháil linn:
01 738 3640
exciselicences@revenue.ie
www.revenue.ie